Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Feabhra 2022
(OR. fr)

5711/22

ACP 18
FIN 77
PTOM 5
PE-L 2

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CEF - Nós imeachta um urscaoileadh: bliain airgeadais 2020<br>Moltaí ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i dáil le cur chun feidhme oibríochtaí an 8ú, an 9ú, an 10ú agus an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta don bhliain airgeadais 2020<br>- Glacadh |

1. Luaitear in Airteagal 11(7) den Chomhaontú Inmheánach is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF) gurb í Parlaimint na hEorpa a thabharfaidh an t-urscaoileadh maidir le bainistiú airgeadais an Chiste, ar mholadh ón gComhairle, agus go ngníomhóidh sí trí thromlach cáilithe mar a leagtar síos in Airteagal 8(3) den Chomhaontú Inmheánach (féach IO L 210, 6.8.2013, lch. 1)[1].

2. Scrúdaigh an Mheitheal ACC Tuarascáil Bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí maidir le Cistí Eorpach Forbraíochta don bhliain airgeadais 2020, mar aon le freagraí an Choimisiúin ar bharúlacha na Cúirte (féach IO C 430, 25.10.2021, lch. 7), i láthair ionadaí ón gCúirt Iniúchóirí.

[1] Tá foráil chomhchosúil sna Comhaontuithe Inmheánacha lena rialaítear an 8ú, an 9ú agus an 10ú CEF.

3. Ag deireadh an phlé, tháinig an Mheitheal ar chomhaontú ar leibhéal na Meithle maidir leis na barúlacha in Iarscríbhinn I i ndáil leis an scrúdú a rinne sí ar thuarascáil na Cúirte agus ar théacs na ndréacht-mholtaí i ndáil le hurscaoileadh.

4. Moltar, dá bhrí sin, faoi réir dearbhú ó Coreper, gur cheart don Chomhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– na barúlacha ón gComhairle maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis na gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an 8ú, an 9ú, an 10ú agus an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF) don bhliain airgeadais 2020, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a fhormhuiniú;

– na moltaí maidir leis an urscaoileadh a thabharfaidh Parlaimint na hEorpa don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme na n-oibríochtaí faoin 8ú, faoin 9ú, faoin 10ú agus faoin 11ú CEF don bhliain airgeadais 2020 a ghlacadh, mar a leagtar amach in 5553/22, 5554/22, 5555/22 agus 5557/22, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar na téacsanna ag na saineolaithe dlí agus teanga;

– a shocrú go ndéanfar na moltaí, mar aon leis na barúlacha atá in Iarscríbhinn I, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus an dréacht-litir in Iarscríbhinn II a fhormheas chuige sin.

**Barúlacha ón gComhairle**

**maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí**[1]

**i ndáil leis na gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an 8ú, an 9ú, an 10ú agus an 11ú**

**Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF) don bhliain airgeadais 2020**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle go gcuireann, i dtuairim Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), cuntais na CEFanna don bhliain airgeadais 2020 i láthair go cothrom, ar gach bealach ábhartha, a staid airgeadais, torthaí a n- oibríochtaí, a sreabha airgid agus na hathruithe ar ghlansócmhainní, i gcomhréir le forálacha an Rialacháin Airgeadais agus na rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag an oifigeach cuntasaíochta.

2. Tugann an Chomhairle dá haire na conclúidí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ina dtugtar an méid seo a leanas le fios:

   – ní raibh tionchar ag leibhéal ábhartha earráide ar ioncam na CEFanna;

   – bhí tionchar ag leibhéal ábhartha earráide ar idirbhearta íocaíochta CEF.

3. Tugann an Chomhairle dá haire go léirítear i dtuarascáil CIE maidir le gníomhaíochtaí CEF don bhliain airgeadais 2020 go bhfuil méadú 0.3 pointe céatadáin tagtha ar an leibhéal earráide measta i gcomparáid leis an leibhéal earráide a measadh in 2019, agus nach bhfuil sí faoi bhun na tairsí ábharthachta 2 % go fóill.

4. Is ábhar imní don Chomhairle go ndéanann earráid difear ábhartha d'íocaíochtaí CEF atá mar bhonn leis na cuntais don bhliain airgeadais 2020, agus leibhéal earráide measta 3.8 % i gceist. Is díol sásaimh don Chomhairle gur lú go mór an sciar coibhneasta den chineál earráide 'mainneachtain thromchúiseach na rialacha soláthair phoiblí a urramú' in 2020 ná mar a bhí in 2019. Mar sin féin, tugann sí dá haire agus is cúis imní di gurb ionann na catagóirí earráide 'gan doiciméid tacaíochta bhunriachtanacha' agus 'caiteachas neamh-incháilithe' agus níos mó ná 75 % den leibhéal earráide a mheastar a bheith ann.

[1] IO C 430, 25.10.2021, lch. 7.

5. Tugann an Chomhairle dá haire go ndearna an Coimisiún agus a chomhpháirtithe cur chun feidhme níos mó earráidí in idirbhearta a bhaineann le deontais agus le comhaontuithe ranníocaíochta agus tarmligin le heagraíochtaí idirnáisiúnta, agus earráidí inchainníochtaithe le sonrú ar 40.3 % de na hidirbhearta a scrúdaíodh, méid arb ionann é agus 94.2 % den leibhéal earráidí iomlán measta.

6. Tá imní ar an gComhairle i gcónaí maidir leis na torthaí ó CIE ina dtugtar le fios go raibh faisnéis leordhóthanach ag an gCoimisiún i roinnt cásanna chun an earráid a chosc, nó a bhrath agus a cheartú, sular ghlac sé leis an gcaiteachas, agus dá mbeadh an fhaisnéis ar fad atá ar fáil dó úsáidte ag an gCoimisiún, d'fhéadfadh sé an leibhéal earráide measta a ísliú 1.19 pointe céatadáin. Tá imní ar an gComhairle freisin go léiríonn minicíocht na n-earráidí, mar a tharla sna blianta roimhe sin, laigí sna tuarascálacha seiceálacha ex ante agus fíoraithe caiteachais. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún dlús a chur lena iarrachtaí earráidí a chosc, a bhrath agus a cheartú, aird níos mó a thabhairt ar sheiceálacha *ex ante*, agus bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar laigí atá ann cheana.

7. Tugann an Chomhairle dá haire nár braitheadh aon earráid i dtrí réimse, eadhon tacaíocht bhuiséadach, caiteachas riaracháin agus idirbhearta inar cuireadh 'cur chuige barúlach' i bhfeidhm.

8. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh rochtain ag CIE ar na doiciméid uile is gá dá cuid oibre, agus aontaíonn sí leis an moladh ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ina leith sin. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar na forálacha a bhaineann leis na comhaontuithe ranníocaíochta agus tarmligin le heagraíochtaí idirnáisiúnta a chur chun feidhme go cuí.

9. Is díol sásaimh don Chomhairle gur ghlac an Coimisiún plean gníomhaíochta in 2020 chun aghaidh a thabhairt ar laigí i gcur chun feidhme a chóras rialaithe inmheánaigh, agus cúig ghníomhaíocht aistrithe aige ó na blianta roimhe sin agus dhá ghníomhaíocht nua curtha leis aige, eadhon an t-imréiteach iomarcach réamh-mhaoiniúcháin a laghdú, agus meastóireacht a dhéanamh ar úsáid na dtéarmaí tagartha nua le haghaidh fíoruithe caiteachais.

10. Is díol sásaimh don Chomhairle gur mheas an Coimisiún, ina staidéar ar an ráta earráidí iarmharacha (RER) in 2020, go bhfuil an RER faoi bhun na tairsí ábharthachta 2 % den chúigiú bliain as a chéile. Mar sin féin, is ábhar imní dó an toradh ó CIE go bhfuil teorainneacha ag baint le staidéar RER 2020 a d'fhéadfadh cur le gannmheas RER, *inter alia* mar gheall ar róspleáchas ar obair rialaithe a rinneadh roimhe seo, an iomarca béime ar limistéir riosca ísil an daonra agus easnaimh ar an modh meastacháin RER. Ag an am céanna, tugann an Chomhairle dá haire na freagraí ón gCoimisiún ina leith sin.

11. Is ábhar imní don Chomhairle an easpa nós imeachta lena gceanglaítear ar an gconraitheoir RER cásanna amhrasta calaoise a thuairisciú don Choimisiún, agus aontaíonn sí leis an moladh ó CIE oibleagáid den sórt sin a bhunú.

12. Tugann an Chomhairle dá haire nach bhfuil forchoimeádais ann maidir le rialtacht na n-idirbheart bunúsach den dara bliain as a chéile ón Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí, 2019 (AAR). Mar sin féin, is ábhar imní di an toradh ó CIE nach bhfuil údar maith leis an easpa forchoimeádas sin agus i ngeall ar theorainneacha an staidéir RER agus cur i bhfeidhm na rialach de minimis, lena dtugtar isteach tairseach dhúbailte maidir le forchoimeádais airgeadais, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le míthreoir maidir leis na rioscaí i réimse freagrachta an Choimisiúin. Ag an am céanna, tugann an Chomhairle dá haire barúil an Choimisiúin nach bhfuil sa staidéar RER ach comhpháirt amháin de chóras rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin agus go dtuairiscítear go cuí sa AAR cásanna ar cuireadh an riail de minimis i bhfeidhm ina leith, fiú mura n-eisítear aon fhorchoimeádas ina leith.

13. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an gCoimisiún feabhas a chur ar cháilíocht a chóras rialaithe inmheánaigh féin, go háirithe trí phleananna gníomhaíochta a ghlacadh agus trí na bearta a leagtar amach iontu a chur chun feidhme go leanúnach.

14. Aithníonn an Chomhairle an dul chun cinn sásúil a rinneadh maidir le plean gníomhaíochta 2018 a chur chun feidhme, agus aithníonn sí gur cuireadh seacht gcinn de na naoi ngníomhaíocht a sainaithníodh i bplean gníomhaíochta 2019 i gcrích. Fanfaidh an Chomhairle leis an gcéad tuarascáil bhliantúil eile ó CIE agus lena measúnú ar stádas chur chun feidhme phlean gníomhaíochta an Choimisiúin do 2020, go háirithe i ndáil leis na ceithre ghníomhaíocht atá fós á gcur chun feidhme.

15. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí a rinne an Coimisiún chun sean-mhaoiniú agus gealltanais nár caitheadh agus líon na gconarthaí a chuaigh in éag a laghdú. Tugann sí dá haire le sásamh, in ainneoin na ndeacrachtaí a bhaineann le paindéim COVID-19, gur bhain an Coimisiún amach an sprioc maidir le conarthaí atá imithe in éag a laghdú, agus gur sháraigh sé an sprioc maidir leis an seanréamh-mhaoiniú agus na gealltanais nár caitheadh a laghdú.

16. Tugann an Chomhairle dá haire le sásamh an t-athbhreithniú leantach ó CIE ina bhfuarthas amach gur chuir an Coimisiún cúig cinn de na sé mholadh ó 2017 chun feidhme ina n-iomláine agus ceann amháin den chuid is mó. Tugann an Chomhairle dá haire an toradh gur cuireadh dhá mholadh ó 2018 chun feidhme ar bhealaí áirithe agus go leanann an Coimisiún de ghníomhaíocht a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a shainaithin CIE. Maidir le Moladh 2 ó 2019, nár ghlac an Coimisiún leis agus a dhéantar arís i dtuarascáil 2020, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar CIE teacht ar chomhthuiscint maidir le cur i bhfeidhm na rialach de minimis.

17. I gcomhaontú le CIE, aithníonn an Chomhairle gur cheart feabhsuithe a dhéanamh i réimsí tábhachtacha áirithe, agus tacaíonn sí leis na moltaí ó CIE gur cheart don Choimisiún:

    a) bearta a dhéanamh ionas go dtabharfaidh eagraíochtaí idirnáisiúnta rochtain iomlán, neamhtheoranta agus thráthúil do CIE ar dhoiciméid atá riachtanach chun a cúram a chur i gcrích i gcomhréir le CFAE, agus ní i bhformáid inléite amháin (rud ar ghlac an Coimisiún leis),

    b) forchoimeádais a eisiúint maidir leis na réimsí uile a bhfuil ardleibhéal riosca ag baint leo, beag beann ar a sciar den chaiteachas iomlán agus ar a dtionchar airgeadais (nach bhfuil glactha ag an gCoimisiún leis), agus

    c) oibleagáidí a leagan síos do chonraitheoir an staidéir RER aon chalaois amhrasta in aghaidh bhuiséad an Aontais a bhraitear le linn a chuid oibre ar an staidéar RER a thuairisciú don Choimisiún (ar ghlac an Coimisiún leis).

18. Agus na conclúidí agus na moltaí ó CIE á dtabhairt dá haire, tugann an Chomhairle na freagraí ón gCoimisiún dá haire freisin.

19. Ar deireadh, tugann an Chomhairle dá haire le sásamh nach raibh aon tionchar airgeadais ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ar chuntais CEF 2020, lena léirítear i gceart staid phróiseas na tarraingthe siar amhail an 31 Nollaig 2020.

**IARSCRÍBHINN II**

DRÉACHTLITIR

Chuig: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

ó: Uachtarán na Comhairle

A Uachtaráin Uasail,

Tá moltaí na Comhairle an 15 Márta 2022 maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme oibríochtaí faoin 8ú[1], 9ú[2], 10ú[3] agus 11ú[4] Ciste Eorpach Forbraíochta don bhliain airgeadais 2020, á gcur ar aghaidh agam chugat i ndoiciméad ar leith, chomh maith le barúlacha na Comhairle[5] i ndáil le Tuarascáil Bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis na gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an 8ú, an 9ú, an 10ú agus an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF) don bhliain airgeadais 2020.

[Clabhsúr dea-mhéine].

---

1 5553/22 ACP 10 FIN 41 PTOM 1.
2 5554/22 ACP 11 FIN 42 PTOM 2.
3 5555/22 ACP 12 FIN 43 PTOM 3.
4 5557/22 ACP 13 FIN 44 PTOM 4.
5 5711/22 ACP 18 FIN 77 PTOM 5 PE-L 2.